# Central Statistics Office
An Phríomh-Oifig Staidrimh

# Press Statement
Preas Ráiteas

## Daonáireamh 2002 – Imleabhar 11 – An Ghaeilge

**Tá cumas labhartha Gaeilge ag 1.57 milliún duine**

Bhí cumas labhartha Gaeilge ag beagán ós cionn 1.57 milliún duine a bhí trí bliana d'aois agus ós a chionn sa bhliain 2002 i gcomparáid le 1.43 milliún sa bhliain 1996. Ach, i gcéatadáin bhí laghdú beag ann ó 43.5% sa bhliain 1996 go 42.8% sa bhliain 2002. Bhí níos mó ban in ann na Gaeilge a labhairt (45.9%) ná fir (39.7%).

Tá an t-eolas seo ar fáil in Imleabhar 11 de Dhaonáireamh 2002 – An Ghaeilge, a thugann tuilleadh miontorthaí a bhaineann leis an daonáireamh a tógadh ar an 28 Aibreán 2002. Tá na figiúirí deireanacha daonra ar fáil sa tuairisc seo rangaithe de réir cumas na Gaeilge a labhairt agus cé chomh minic a labhraíonn daoine í i gceantair-ranna na tíre (féach nóta an Eagarthóra).

**Athraíonn cumas le haois**

Bhí cumas na Gaeilge a labhairt ag an leibhéal b'airde i measc an daonra a bhí ag freastal ar an scoil le ós cionn dhá thrian de na daoine san aoisghrúpa 10-19 bliana curtha san áireamh mar dhaoine a bhfuil sé ar a gcumas An Ghaeilge a labhairt.

Titeann cumas sna haoisghrúpaí díreach iar-oideachais ach ardaíonn sé arís i measc na ndaoine san aoisghrúpa 45-54 bliana.

Bhí níos mó ban i ngach aoisghrúpa sa bhliain 2002 ná fir in ann Gaeilge a labhairt – agus b'é san aoisghrúpa 15-19 bliana ba mhó a bhí an difríocht.

**Seasann An Daingean leis féin**

De na bailte ar fad le daonra de 1,500 nó níos mó sa bhliain 2002, b'é an Daingean in Iarthar Chiarraí an baile leis an gcéatadán ba mhó cainteoirí Gaeilge (62.4%). Bhí níos lú cainteoirí Gaeilge i gcomhréir sna ceantair uirbeacha (40.8%) i gcomparáid leis na ceantair tuaithe (45.7%).

**Labhraíonn triúr as gach ceathrar a bhfuil cónaí orthu sa Ghaeltacht an Ghaeilge**

Cainteoirí Gaeilge a bhí i 73% den daonra trí bliana d'aois agus ós a chionn sa Ghaeltacht sa bhliain 2002 – síos ó 76% sa bhliain 1996. Ní raibh céatadán na gcainteoirí Gaeilge mar an gcéanna sna ceantair Ghaeltachta ar fad. Bhí an céatadán b'airde i gContae Chorcaí (83.1%) agus an céatadán b'ísle sa chuid sin de Ghaeltacht na Gaillimhe atá lonnaithe i gCathair na Gaillimhe (54.2%). Thit líon na gcainteoirí Gaeilge i ngach ceantar Gaeltachta, seachas sa Mhí, idir na blianta 1996 agus 2002.

Tuilleadh /...

*Information Section*
*Central Statistics Office, Skehard Road, Cork*

Tel 021 453 5000
01 498 4000
Fax 021 453 5555
Website http://www.cso.ie
LoCall 1890 313 414
Email info@cso.ie

*Roinn Eolas*
*An Phríomh-Oifig Staidrimh, Bóthar na Sceiche Airde, Corcaigh*

Teil 021 453 5000
01 498 4000
Faics 021 453 5555
An Domhan http://www.cso.ie
GlaoÁitúil 1890 313 414
Ríomhphost info@cso.ie

**Ardmharcanna do na múinteoirí**

B'iad múinteoirí an grúpaí gairme ba mhó a raibh ar a gcumas an Ghaeilge a labhairt (79.3%), le Gardaí (76.6%) agus na hOrd Chreidimh (65%) ina dhiaidh sin.

B'airde an leibhéal oideachais bainte amach ba mhó seans go raibh sé ar chumas an duine an Ghaeilge a labhairt. Bhí éagsúlacht sna céatadáin chuí don daonra a bhí 5 bliana déag d'aois agus ós a chionn ó 18% i gcás daoine a d'fhág an córas oideachais le hoideachas bunscoile amháin, go dtí 58% do na daoine a raibh céim bainte amach acu.

**Cainteoir Gaeilge i bhformhór na dteaghlach**

Bhí ar a laghad cainteoir amháin Gaeilge i 55% de na teaghlaigh phríobháideacha sa bhliain 2002. 83% an céatadán cuí do theaghlaigh sa Ghaeltacht.

Ba cainteoir Gaeilge a bhí sa duine a bhí ainmnithe mar dhuine tagartha don teaghlach i gcás beagnach dhá thrian de na teaghlaigh ina labhraítear an Ghaeilge sa Stát.

**Úsáid na Gaeilge**

Dúirt beagnach an cheathrú chuid de na daoine a dúirt go raibh sé ar a gcumas an Ghaeilge a labhairt go labhraíonn siad í go laethúil. Bhí a bhformhór siúd sna haoisghrúpaí a bhí ag freastal ar an scoil (76.8%).

Dúirt ós cionn dhá thrian de na daoine a dúirt go raibh sé ar a gcumas an Ghaeilge a labhairt nach labhraíonn siad í riamh nó go labhraíonn siad í níos lú ná go seachtainiúil. D'árdaigh an céatadán seo go dtí 87.2% i gcás na ndaoine a bhí 20 bliain d'aois agus ós a chionn.

Bhí ós cionn 55% de na cainteoirí Gaeilge a bhí lonnaithe sa Ghaeltacht ag labhairt na Gaeilge go laethúil sa bhliain 2002 – síos ó 60% sé bliana roimhe sin. Labhair 11% eile an Ghaeilge go seachtainiúil. Tuairim is an cheathrú chuid den daonra a raibh ar a gcumas an Ghaeilge a labhairt sa Ghaeltacht a dúirt sa bhliain 2002 go labhraíonn siad í níos lú ná go seachtainiúil agus dúirt 7.4% nach labhraíonn siad riamh í.

**Nóta an Eagarthóra**

Tá achoimre ar fáil san fhoilseachán *Daonáireamh 2002 – Príomhthorthaí Déimeagrafacha*, a foilsíodh ar an 19 Meitheamh 2003, ag leibhéal Stáit de na sonraí atá ar fáil in Imleabhair 1 - 4, 8, 11 agus 12 de na mion-thuairiscí daonáirimh. Tá figiúirí ar fáil san fhoilseachán atá curtha ar fáil inniu, Imleabhar 11, a bhaineann leis an nGaeilge ag leibhéal níos sonraithe geografaíochta.

Tá gach tábla foilsithe ó Dhaonáireamh 2002 ar fáil ar shuíomh idirlín na POS (www.cso.ie).

**Tá cóipeanna den fhoilseachán ar fáil ó:**

An Phríomh-Oifig Staidrimh, An Rannóg Faisnéise, Bóthar na Sceiche Airde, Corcaigh

nó

An Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais, Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2

Praghas: €15.00

Is féidir cóipeanna a íoschóipeáil ó shuíomh idirlín na POS (féach thíos).

**Déan teagmháil leo seo a leanas le tuilleadh eolais a fháil :**

An Phríomh-Oifig Staidrimh, Bóthar Átha Fhirdhia, Ráth Maonais, Baile Átha Cliath 6.

| | |
|---|---|
| Fiosrúcháin daonáirimh: | (01) 498 4000 fo-líne 4284-4288. |
| Facs: | (01) 498 4268 |
| Ríomh-phost: | census@cso.ie |
| Idirlíon: | http://www.cso.ie |

An Phríomh-Oifig Staidrimh 25 Márta 2004

**– CRíOCH–**